

Deireadh Fómhair 2020

Leasuithe ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 sa Staidéar Gnó le haghaidh chohórt scoláirí 2019–2022 (scoláirí sa 2ú Bliain in 2020/2021)

D'fhéadfadh deacrachtaí teacht chun cinn maidir le hobair ghrúpa a dhéanamh i scoileanna mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla a éiríonn as bearta a cuireadh i bhfeidhm chun paidéim COVID-19 a laghdú. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh dúshlán roimh scoileanna, múinteoirí agus scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích sa bhliain acadúil 2020/21. D'fhéadfaí na dúshlán sin a shárú, mar shampla, trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun obair i gcomhar ar líne. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé sin indéanta i ngach scoil.

I bhfianaise air sin, beidh feidhm anois ag na socrúithe measúnaithe seo a leanas chun Measúnú Rangbhunaithe 1 sa Staidéar Gnó a chur i gcrích do chohórt scoláirí 2019–2022 (2ú bliain):

- Cuirfidh an scoláire measúnú rangbhunaithe leasaithe a ndéantar measúnú aonair air i gcrích chun na dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an ngné ghrúpa de mheasúnú rangbhunaithe 1 a chur san áireamh. Déanfar an measúnú rangbhunaithe in imeacht trí seachtaine ar bhonn aonair agus cuirfidh gach scoláire tuarascáil aonair ar fáil.
- Tugtar breac-chuntas ar na leasuithe sin agus ar na Gnéithe Cáilíochta leasaithe sna [Treoirínte maidir le Measúnú Rangbhunaithe 1 dar teideal Gnó á chur i nGníomh le haghaidh na scoilbhliana 2020–2021 \(2ú bliain\)](#).

Cuirfidh CNCM cúnaimh agus treoir ar fáil do sheirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí maidir le tuilleadh comhairle a sholáthar ina leith seo.

Tá an tréimhse ama inar féidir le scoileanna measúnuithe rangbhunaithe agus cruinnithe AFMÁ a dhéanamh fós mar a leagtar amach in [Socrúithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích](#). Féadfar dátaí tábhachtacha le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe a athrú nuair is gá, i bhfianaise cúinsí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i scoileanna mar gheall ar COVID-19.

Is iad seo a leanas na tréimhsí agus na dátaí tábhachtacha maidir le tuairisceoirí sealadacha a bhronnadh agus cruinnithe AFMÁ a dhéanamh le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 1 do scoláirí an dara bliain in 2020–2021:

Cohórt scoláirí 2019–2022 (2ú bliain) Measúnú Rangbhunaithe 1 sa Staidéar Gnó

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Luain, 2 Samhain 2020 – Dé hAoine, 14 Bealtaine 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 19 Bealtaine 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, 26 Bealtaine 2021

Nótaí maidir le: Measúnuithe Rangbhunaithe sa scoilbhliain 2020–2021

Déanann na scoláirí sa dara agus sa tríú bliain Measúnuithe Rangbhunaithe le tacaíocht agus treoir óna múinteoirí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi na formáidí, faoi na topaicí agus faoin tréimhse ama chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú i ngach ábhar agus gearrchúrsa sna Treoirínte

ábhartha don Mheasúnú Rangbhunaithe, atá ar fáil ar <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/?lang=ga-ie> Cé gur ceapadh Measúnuithe Rangbhunaithe le bheith ar siúl faoi threoir an mhúinteora i gcomhthéacs an tseomra ranga, tá solúbthacht ag scoileanna sa scoilbhliain 2020–2021, i bhfianaise cúinsí athraitheacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, chun tacú leis an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh ar scoil agus/nó go cianda.

- i gcomhthéacs filleadh iomlán ar scoil, mar a rinneadh roimhe seo, déanann an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe go príomha le linn am ranga, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir
- ba cheart go dtreoródh a bhfuil praiticiúil agus sábháilte ag an am de réir na comhairle sláinte poiblí an rogha gníomhaíochtaí agus topaicí do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- is féidir éascú a dhéanamh do scoláirí nach féidir leo freastal ar scoil mar gheall ar chúinsí a éiríonn as COVID-19 chun go mbeidh siad in ann an taighde a dhéanamh ar an Measúnú Rangbhunaithe, é a chruthú agus a chríochnú go cianda, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir
- d'fhéadfadh go mbeadh gá le coigeartuithe a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann scoileanna Measúnuithe Rangbhunaithe agus/nó ar an tacaíocht ó theicneolaíochtaí digiteacha, i gcomhréir le beartas na scoile um chosaint leanaí, beartas úsáide inghlactha agus beartas RGCS na scoileanna.
- Oibreoidh CNCM le múinteoirí agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ar bhonn leanúnach chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt agus chun comhairle ó mhúinteoirí a thiomsú, maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a oiriúnú do na cúinsí reatha